Comhairle Chontae na Gaillimhe.

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

## AA – Measúnacht maidir le Tionchar Cumaisc i ndáil le SHD Burkeway Bearna

Le léamh in éineacht leis an "AA – Tuarascáil Bhreise maidir le Measúnacht Cumaisc (Ag dul i ngleic le tionscadail agus pleananna beartaithe agus ceadaithe ó foilsíodh an Ráiteas Tionchair Natura" (3 Samhain 2020)

**Eagrán 1 | 4 Samhain 2020**

Glactar san áireamh sa tuarascáil seo na treoracha ar leith ónár gcliaint agus riachtanais ár gcliaint.

Ní d'aon tríú páirtí an tuarascáil seo agus níor cheart go mbeadh aon tríú páirtí ag brath uirthi agus ní bheifear freagrach maidir le haon tríú páirtí.

Uimhir Jab 223985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Teach Corparáideach
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach, Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD

ARUP

# Clár an Ábhair


| | | Lch |
|---|---|---|
| **1** | **Réamhrá** | **1** |
| **2** | **Measúnacht maidir le Tionchar Cumaisc 2** | |

# 1 An Réamhrá

Rinneadh iarratas (SHD Burkeway Bearna) ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (SHD) leis an ABP an 16 Deireadh Fómhair 2020 tráth a raibh an Éisteacht ó Bhéal ar siúl. Tá mionsonraí maidir leis an tionscadal le fáil i **dTábla 1** thíos.

Ar mhaithe le gan aon rud a fhágáil ar lár, rinneadh breithniú agus measúnacht freisin maidir ar an tionscadal i gcumasc leis an GCRR N6 i **dTábla 2** thíos. Leagtar amach i **dTábla 2** na torthaí maidir leis na tionchair ionchais shuntasacha dhíreacha, neamhdhíreacha cumaisc a bhainfeadh leis an tionscadal i gcumasc leis an GCRR N6.

Chomh maith leis, rinneadh measúnacht ar an tionscadal i gcumasc leis an GCRR N6,  i gcumasc leis na tionscadail agus pleananna ar fad a bhreithnítear i gCuid 12 den NIS agus i gcumasc leis na tionscadail agus pleananna a bhreithnítear in AA - Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe maidir le Measúnacht Cumaisc (Arna eisiúint chuig an ABP an 3 Samhain 2020) i gcomhar leis an GCRR N6.

De réir na measúnachta i gCuid 12 den NIS agus i gCuid 4.14 den RFI, níl aon seans go dtarlódh tionchair chun dochair ar shláine aon cheann de láithreacha Eorpacha mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumasc le haon cheann de na pleananna ná tograí a tugadh san áireamh ó thús sa mheasúnacht cumaisc maidir leis an NIS, ná go deimhin le hiomlán na dtograí agus na bpleananna sin in éineacht, agus ar an gcuma chéanna, níl aon seans go dtarlódh tionchair chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i gcumasc le SHD Burkeway Bearna agus aon cheann de na pleananna ná de na tograí breise nó le hiomlán na dtograí agus na bpleananna sin, a thugtar faoi mheas in AA - Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe maidir le Measúnacht Cumaisc (Arna eisiúnt chuig an ABP an 3 Samhain 2020), lena n-áirítear nuair a bhreithnítear iad i gcumasc leis na pleananna sin agus na tograí a tugadh san áireamh ó thús sa mheasúnacht cumaisc maidir leis an NIS.

Ní tharlóidh dá réir sin tionchar chun dochair ag an N6 GCRR ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, ann féin ná i gcumasc le haon phlean ná tionscadal eile agus níl ábhar amhrais ó thaobh na heolaíochta i leith na conclúide sin.

**Tábla 1: Sonraí maidir le SHD Burkeway Bearna**

| **Tag ABP** | **tag GCC** | **Sonraí** | **Dáta ar Ceadaíodh an Cinneadh/Dáta Reatha** |
|---|---|---|---|
| 308431 | - | **SHD Burkeway Bearna**<br>Forbairt Tithíochta i dTroscaí Thoir, Troscaí Thiar, An Chéibh agus Átha an Ghlugair, Bearna, Co. na Gaillimhe.<br>Comhdhéanta de: Na tithe lasmuigh a leagan, 121 aonad cónaithe (comhdhéanta de 52 teach agus 69 árasán) a thógáil chomh maith le saoráidí cúraim leanaí agus gach obair suímh a ghabhann leis.<br>https://www.burkewaybearnashd.com/ | REATHA<br>Taiscthe<br>an<br>16/10/20 |

# 2 Measúnacht maidir le Tionchar Cumaisc

**Tábla 2: Measúnú maidir le Tionchar Cumaisc SHD Burkeway Bearna (308431) i gcumasc leis an GCRR N6**

| **Uimh. Thag Plean/Tions cadail.** | |
|---|---|
| **SHD Burkeway Bearna** | Tá an fhorbairt bheartaithe comhdhéanta de na tithe lasmuigh a leagan, 121 aonad cónaithe (comhdhéanta de 52 teach agus 69 árasán) a thógáil chomh maith le saoráidí cúraim leanaí agus gach obair suímh a ghabhann leis.<br>Tá an fhorbairt i bhfad ó aon cheann de na láithreacha Eorpacha. D'fhéadfadh sé, áfach, i gcumasc leis an bhforbairt bheartaithe bóthair tionchar a bheith aige ar cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe mar thoradh ar uisce a thiocfadh ón tógáil agus ón obair.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid maidir leis an togra beartaithe, sonraítear Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh a bheith taobh istigh den réimse tionchair ionchais maidir le tionchar ar chaighdeán an uisce i rith chéim na tógála agus chéim na húsáide. Luaitear bearta maolúcháin san NIS a cuireadh faoi bhráid leis an iarratas d'fhonn a chinntiú go ndírítear ar gach tionchar ionchais – i.e. go gcaomhnaítear caighdeán an uisce níos faide le sruth i gCuan na Gaillimhe i rith chéim na tógála agus chéim na húsáide. Is é tátál an NIS maidir leis an bhforbairt bheartaithe, má chuirtear na bearta maolúcháin a shonraítear i bhfeidhm, nach mbeidh an fhorbairt ina cúis le haon tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha.<br>De réir na comhairle ar ar thángthas san NIS maidir leis an N6 GCRR agus i bhfianaise na mbeart maolúcháin a leagtar amach go mion sa ráiteas sin (féach Cuid 10 den NIS), ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha, lena n-áirítear Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe agus Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, ann féin ná i gcumasc le haon phlean ná togra eile.<br>Ar na bearta maolúcháin maidir leis an togra forbartha beartaithe seo agus an straitéis maolúcháin maidir leis an N6 GCRR a luaitear san NIS, a thabhairt san áireamh, níl aon seans go dtiocfadh tionchar cumaisc de chineál ar bith chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht gabhdóireachta i Limistéar cSAC Loch Coirib, Limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe nó Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, nó lena n-imreofaí tionchar chun dochair ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. |